# TOMÁS BAIRÉAD PAPERS

## GP2/58

Galway County Council Archives

GP2/58 (1)

50 An Cuarbhóthar Ó Dheas,
Portobello,
2/9/49

A Thomáis, a chara,

Tá ceart agat a bheith díomuch dhíom gan scríobhadh chugat leis an fhad seo, agus gan leithscéal agam ach an mhainneachtain. Ba é an rud ba mhó a bhí orm gan a bheith réidh leis na leabhra. Seo chugat iad agus é in am. Thaitnigh an Béaloideas liom go háirithe giota Mhic Giolla Gathain, agus an dá scéal Béarla le Françoise Henry agus leis an Tincéara. Sílim gur chuir Sorcha Ní Ghuairim beagán cumaoin dhá cuid féin ar "bhéal a hathar". Nó ba cheart a rá go ndearna sí vulgariseáil aineolach air, nuair a shíl sí an slacht a dhéanamh. Chuala tú is dóigh gurb í atá in a hEagarthóir Ghaeilge

ar an Irish Press anois, agus go bhfuil Maodhóg imithe go dtí páipéar nua an lucht oibre. Measaim nach mórán le cuid againn a ligfeas sé isteach ar aon chor. Tá sé ite le head: le bhfearacht uilig.

Tá a fhios agat is dóigh go ~~bhfuil~~ mbíonn Séamas Ó Grianna dom ionsaí-sa i gComhar nó go raibh le cupla mí anuas. Tá an Fear Eagair – Waldron – i bpáirt leis ar mhodh. Sé a leas-seisean beirt mar muide a bheith ag troid. Is amhlaidh is lú a tiurfar suntas dó-san in a phosta. Dá mbeadh an bheirt againn 7 daoine mar muid "ag imirt ar gcluiche d'aontaoibh" ní móide nach dtiurfaí suntas do leithéidí Waldron nach

GP2/5%(2)

bhfuil dhaoine i ndon tada a dheanamh. Ach ní imreoidh an Grianach a chluiche le haontaoibh ach leis féin. Tá ionsaí nimheannta críochnaithe ar siúl aige i mBéarla faoi ainm chleite sa Derry Journal in aghaidh na Gaeilge, lucht na Gaeilge, múineadh na Gaeilge, agus go háirithe in éadan Shéarlaigh Uí Ailid. Is rud brocach ceart é, idir gáirsiúlacht 7 eile. Tá sé ar siúl anois le tamall. Tá mé cinnte gurb é ard atá uaidh gach duine ach é féin a chur ó scríobhadh Gaeilge.

ar agaid

Dar ndóigh tá Séamas Ó Néill
chomh dona — níos measa b'fhéidir —
ach nach bhfuil sé i riocht a
bheith chomh binibeach leis an
nGriannach. Dheamhan mórán
gaisce é an Nuallánach ach
oiread. Tá Tomás Ó hEineacháin
Caoar — is dearfa liom é sin anois —
Ó Doirín ag cuidiú ar a dhicheall
Molenbeek leis an nGriannach agus
X chuir an Gúm gach bacainn
dár fhéad siad ar an
gClub Leabhar, agus tá siad
amhlaidh i gcónaí. Bhí
X meas agam ar Thomás. Shíl
mé nach duine den tsórt
sin a bhí ann.

Is dóigh go bhfuil na
mná óga thiar agat le fada.
An ndearna Máire an

GP2/58(3)



scolaireacht. Tá súil agam go raibh an rath uirthi. Tá Máirín freisin ag cur a dtuairisca.

Bhí Micheál ag rá liom gur casadh leis thú i nGaillimh, agus gur ól sibh roinnt deochanna. Bhí mé thiar an t-am a ndeachaigh sé go Meiriocá agus chomh fada le bóthar leis. Bhí an chumha air. Buaileadh tinn é ar a shroicheadh na háite thall dó. Ní bhfuair sé aon obair fós. Is doiligh obair obair fós. Is doiligh obair a fháil ann, deirtear.

Bhí mé thiar achar beag roimhe sin freisin an t-am a bhfuair Baba mo dheirfiúr bás. Ní dhearna sí seasamh ar bith sa deireadh. Bhí mé

ag caint léi san oíche Dé
Domhnaigh agus bhí sí basaithe
lár an lae an mhairt dar
gcionn. Chreidim ó nach raibh
X i ndán maitheasa di gur
X maith an mhabrait di é.
X Tá T. Page amuigh fós — le ao
cionn bliana. B'éigin dó a
dhul isteach i n-ospideál
Rialto an tseachtain seo
caite. Tá breacadh ar an
X scamhóig. Dheamhan mórán
seans go bhfillfidh sé chun
na hoifige go brách arís,
agus gheobhaidh an Blatach
7 mac Bharna ardú. Is
dóigh gur maith leat a
X chloisteáil — murar chuala
tú cheana é — gur ghnóthaigh

ghleoiteoig lena dheartháir an geall i gClub Chiaráin an lá cheana. Bhí sé féin i lathair. Beidh an bhatach ag dul sna bólaí sin na laethanta seo. Ná cuireadh sé aon ~~[illegible]~~ contas ort má castar chugat é, ag bailiú craicne fataí nait nó rud aciúnt den tsort sin. Gheobhadh sé leas dorbh. Ag dul ’un donacht atá sé.

Bhí fear leannta Rosmuc anseo an tseachtain seo caite ar a bhealach as Baile an Thirtcaraigh tareis trí seachtainí a chaitheamh ansin. Thug sé daileoga (doses) litríochta dhom, agus d’innis dom nach raibh aon mheas aige ~~orm~~ ar mo shaothar. D’ursa-sa nach raibh neart air.

Ní raibh an léirmheas a rinne sé ar Ór na hAitinne feicthe aige gur thaspáin mise dhó é in Feasta. Ní shílim go raibh muintir Feasta ro-shásta leis an léirmheas ach ó d'iarradar air é, chuireadar isteach é. Tá leabhar Sheáin Mhic Ghiollarnáth dhá mholadh go hard. Leigh mé i bpáipéar éicint gur chóir scannán a dhéanamh dhe. Níor léigh mé inti ach píosa i gceann ina tosach 'gus deireadh, agus níor thaitnigh ceachtar acu liom. Acht is leabhra bonnachtacha atá i gcur amach an Chlub Sos, agus is rud éicint é sin ann féin. An cheird a bhfios ar Sheamas Ó Neill

GP2/58(5)

anois in a chuid ranganna sa gColáiste ag léamh filíochta Gearmáinise atá cumtha aige do na cailíní.

Cé mar tá tú féin ag breacadh? Ag breacadh leat, tá súil agam. Léigh mé na giotaí i Feasta ⁊ sa bPress. Sé Feasta an ceann is fearr de na páipéir Ghaeilge. Tá Comhar gafa chun donachta le scathamh chítear dom. Maidir le Inniu tá siad in a gcantalóirí chomh dona ⁊ tá sa tír.

Níl a fhios agam cén uair a bheas mé siar arist. Tá mo chuid saoire caithte agam de bharr na Fraince. Ní raibh

mé ach cupla lá thiar ar na geabhanna déireannacha. B'fhéidir dom a bheith siar faoin Nollaig. Níl a fhios agam fós. Is dóigh go dtugann tú cuairteanna isteach go Gaillimh i gcónaí.

Tá mé seasc ar fad faoi láthair. Rinne mé droch-rag an t-am a raibh Michael ag imeacht 7 tar éis a theacht go Baile Átha Cliath arist—mé féin 7 Peadar Ó Flaithearta—agus d'éirigh mé as ar fad ansin. Tá súil agam a bheith amhlaidh go Nollaig ar aon chor. Bhí an Flaitheartach ag cur do thuairisce le goirid, 7 dúirt sé go bhfuair sé leabhar

GP2/58(6)

agus go raibh sé le scríobhadh chugat ag glacadh buíochais. Thug mise an seoladh dhó. Níorbh iontas liom ~~leat~~, dáiríre, dhá gcailleadh sé é 7 an chruth ~~sin~~ a raibh sé an oíche cheanna. Bheadh páipéar chúig phunt caillte aige chúig mharach mise a thug faoi ndeara tuite é. Ní raibh ann ach sin. Tá an ceart ag muintir mheiriocá cúnamh Mharshall a ghiorrú oraina nó go gcruthóimid dóibh go bhfuil muid i ndon barainn eicint a chur ar ar gcuid airgid.

Ní mheasaim gur saol sada atá i ndán don Riáltas seo. Scarb ab áil liom a rá nach gcuirfear isteach ún athrair iad. An dá mhara

chéile liomsa iad. Chluinim go bhfuil Micheál O'Maoláin gafa in aghaidh an Chomhrialtais anois, agus chreidim gur fearr domsa fanacht ar thaobh an Shasanaigh uaidh sin. ~~An~~ Ar tháinig an solas thart fós. Tá a fhios agat go bhfuil sé istigh sa spideal.

Go mithid dom scoir. Más go hannamh a scríobhaim, ní fhéidir a rá nach ndéanaim cuid mhaith clabaireacht an tráth a scríobhaim.

B'fhéidir go mbreacfá cupla líne uair éicint a mbeidh faill agat.

Do bhuanchara,

M. O'Éadhain